Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9591/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0143(NLE)**

**ECOFIN 637**
**UEM 186**
**FIN 599**
***EIB***
***ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don tSlóivéin an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta (‘an plean’) a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d’fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle (‘Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021’)[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023[3] agus an 10 Nollaig 2024[4].

(2) An 22 Aibreán 2025, rinne an tSlóivéin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an tSlóivéin.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Baineann na leasuithe ar an bplean a chuir an tSlóivéin isteach mar gheall ar imthosca oibiachtúla le 50 beart.

---

2 Féach doiciméid ST 10612/21 agus ST 10612/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

3 Féach doiciméid ST 13615/23 agus ST 13615/23 REV 1 (en) agus ST 13615/23 ADD 1 REV 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

4 Féach doiciméid ST 15989/24 INIT agus ST 15989/24 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an tSlóivéin go bhfuil ceithre bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh toisc nach bhfuil líon dóthanach iarratas incháilithe ar thionscadail ann. Baineann sé sin le sprioc 5 faoi infheistíocht D (Athstruchtúrú éifeachtúil ar chórais téimh ceantair trí úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh), sprioc 18 faoi infheistíocht F (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin chlaochladáin agus líonra ísealvoltais)) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh), sprioc 119 faoi infheistíocht C (Cómhaoiniú tionscadal chun soghluaisteacht idirnáisiúnta thaighdeoirí agus eagraíochtaí taighde na Slóivéine a fheabhsú agus chun rannpháirtíocht idirnáisiúnta iarratasóirí na Slóivéine a chur chun cinn) faoi chomhchuid 8 (TFN – Sprioc thaighde, forbartha agus nuálaíochta), sprioc 143 faoi infheistíocht C (Modhanna oibre níos solúbtha a thabhairt isteach atá curtha in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas i bhfiontair dhídeanacha agus in ionaid fostaíochta) faoi chomhchuid 10 (An margadh saothair – bearta chun tionchar treochtaí struchtúracha diúltacha a laghdú), cloch mhíle 212 agus sprioc 213 faoi infheistíocht B (Beart méadaithe: Athstruchtúrú fuinneamhéifeachtúil a dhéanamh ar chórais téimh ceantair trí úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU), agus sprioc 215 faoi infheistíocht C (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (an líonra meánvoltais agus an líonra ísealvoltais)) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d’iarr an tSlóivéin go leasófaí na spriocanna agus na tuairiscí ar na bearta thuasluaite. Thairis sin, d’iarr an tSlóivéin go laghdófaí spriocanna 5, 18, 119 agus 215. Thairis sin, d’iarr an tSlóivéin go ndéanfaí amlíne cur chun feidhme sprioc 143 a laghdú agus go gcuirfí síneadh leis. Ar deireadh, d’iarr an tSlóivéin go mbainfí infheistíocht B agus cloch mhíle chomhfhreagrach 212 agus sprioc chomhfhreagrach 213. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir sprioc 9 faoi infheistíocht G (Infheistíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh sa gheilleagar a mhéadú) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh) a bhaint amach go hiomlán a thuilleadh, mar gheall ar chreat reachtach nua a ghlacadh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, rud a fhágann nach féidir an infheistíocht a dhéanamh. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go mbainfí infheistíocht G agus sprioc chomhfhreagrach 9. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir spriocanna 30 agus 31 faoi infheistíocht E (Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch in aghaidh tubaistí a bhaineann leis an aeráid i bPoblacht na Slóivéine) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar mhoilleanna ar éadáil talún agus ar phleanáil spásúil ar leibhéal bardasach. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go leasófaí na spriocanna agus na tuairiscí ar na bearta sin. Thairis sin, d'iarr an tSlóivéin go laghdófaí spriocanna 30 agus 31. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir cloch mhíle 47bis agus spriocanna 47 agus 48 faoi infheistíocht F (Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar shaincheisteanna maidir le ceannach talún agus comhordú fada na réiteach tionscadail le páirtithe leasmhara éagsúla. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go leasófaí cloch mhíle 47bis. Thairis sin, d'iarr an tSlóivéin go laghdófaí spriocanna 47 agus 48. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir clocha míle 67bis agus 67 agus spriocanna 68 agus 68bis faoi infheistíocht C (Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh) faoi chomhchuid 4 (Iompar inbhuanaithe) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar chastacht na dtionscadal agus na dálaí margaidh atá ag dul in olcas, lena n-áirítear suaitheadh sa slabhra soláthair. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go leasófaí an beart sin. Thairis sin, d'iarr an tSlóivéin go laghdófaí sprioc 68bis agus go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme chloch mhíle 67bis. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir sprioc 145 faoi infheistíocht D (Teacht isteach níos tapúla daoine óga sa mhargadh saothair) faoi chomhchuid 10 (An margadh saothair – bearta chun tionchar treochtaí struchtúracha diúltacha a laghdú) a bhaint amach ina hiomláine a thuilleadh, mar gheall ar an riocht maicreacnamaíoch feabhsaithe agus an ráta dífhostaíochta níos ísle. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin an sprioc agus na tuairiscí ar na bearta sin a leasú. Thairis sin, d'iarr an tSlóivéin an sprioc thuasluaite a laghdú. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(10) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir spriocanna 157 agus 158 faoi infheistíocht E (Claochlú cuimsitheach ar an oideachas glas agus digiteach) faoi chomhchuid 12 (Inniúlachtaí a neartú, go háirithe inniúlachtaí digiteacha agus iad siúd a éilítear i ngairmeacha na todhchaí agus san aistriú glas) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, toisc gur chuir dhá chomhpháirtí a roghnaíodh chun an oiliúint a chur chun feidhme deireadh lena gconarthaí leis an gcomhlacht cur chun feidhme. Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin an tuairisc ar an mbeart a leasú. Thairis sin, d'iarr an tSlóivéin sprioc 157 a leasú. Ar deireadh, d'iarr an tSlóivéin sprioc 158 a bhaint. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(11) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir clocha míle 190 agus 192 agus sprioc 191 faoi infheistíocht E (Cóireáil éifeachtach ar ghalair theagmhálacha) faoi chomhchuid 14 (Sláinte) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar oibreacha breise gan choinne chun rochtain shábháilte ar an gclinic a áirithiú agus mar gheall ar mhoilleanna maidir le hothair a aistriú ó chlinic na n-ionfhabhtuithe atá ann cheana go suíomh sealadach. Ar an mbonn sin, d’iarr an tSlóivéin go leasófaí an tuairisc ar an mbeart sin, lena n-áirítear na clocha míle agus an sprioc. Thairis sin, d’iarr an tSlóivéin go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme sprioc 191. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(12) Mhínigh an tSlóivéin nach féidir spriocanna 219 agus 220 faoi infheistíocht E (Cur in úsáid bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn san iompar (uas-scálaithe)) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar na dálaí margaidh athraithe, as ar eascair athmheasúnú ar ullmhacht agus indéantacht tionscadal bonneagair athluchtaithe. Ar an mbonn sin, d’iarr an tSlóivéin go leasófaí na spriocanna agus na tuairiscí ar na bearta sin. Thairis sin, d’iarr an tSlóivéin go laghdófaí sprioc 219. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(13) Tar éis bhaint infheistíocht G (Infheistíochtaí chun éifeachtúlacht fuinnimh sa gheilleagar a mhéadú) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh) agus infheistíocht B (Beart méadaithe: Athstruchtúrú fuinneamhéifeachtúil a dhéanamh ar chórais téimh ceantair trí úsáid a bhaint as foinsí in-athnuaite) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU) agus laghdú ar leibhéal cur chun feidhme infheistíocht E (Athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch in aghaidh tubaistí a bhaineann leis an aeráid i bPoblacht na Slóivéine) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), infheistíocht C (Modhanna oibre níos solúbtha a thabhairt isteach atá curtha in oiriúint do riachtanais daoine faoi mhíchumas i bhfiontair dhídeanacha agus in ionaid fostaíochta) faoi chomhchuid 10 (An margadh saothair – bearta chun tionchar treochtaí struchtúracha diúltacha a laghdú), infheistíocht D (Teacht isteach níos tapúla daoine óga sa mhargadh saothair) faoi chomhchuid 10 (An margadh saothair – bearta chun tionchar treochtaí struchtúracha diúltacha a laghdú) agus infheistíocht E (Cur in úsáid bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn san iompar (uas-scálaithe)) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU), d'iarr an tSlóivéin freisin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú chun leibhéal cur chun feidhme sé bheart a mhéadú.

Baineann sé sin le sprioc 7bis faoi infheistíocht F (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin chlaochladáin agus líonra ísealvoltais)) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh), cloch mhíle 32 agus spriocanna 34, 35 agus 35bis faoi infheistíocht F (Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), sprioc 60 faoi infheistíocht C (Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú) faoi chomhchuid 4 (Iompar inbhuanaithe), sprioc 166 faoi infheistíocht H (Bonneagar oideachais a ghlasú sa tSlóivéin) faoi chomhchuid 12 (Inniúlachtaí a neartú, go háirithe inniúlachtaí digiteacha agus iad siúd a éilítear i ngairmeacha na todhchaí agus san aistriú glas), sprioc 215bis faoi infheistíocht C (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (an líonra meánvoltais agus an líonra ísealvoltais)) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU) agus sprioc 221 faoi infheistíocht E (Cur in úsáid bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn san iompar (uas-scálaithe)) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an tSlóivéin go leasófaí na tuairiscí ar na bearta sin, lena n-áirítear na spriocanna ábhartha. Thairis sin, d'iarr an tSlóivéin spriocanna 7bis, 35bis agus T215bis a chur leis. Thairis sin, d'iarr an tSlóivéin go méadófaí an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le spriocanna 32, 34, 35, 60, 166 agus 221. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(14) Mhínigh an tSlóivéin go ndearnadh 6 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le sprioc 25 faoi infheistíocht B (Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh) faoi chomhchuid 2 (Athchóiriú inbhuanaithe foirgneamh), sprioc 33 faoi infheistíocht F (Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), cloch mhíle 49 faoi athchóiriú D (Éifeachtúlacht oibriú na seirbhísí poiblí cosanta comhshaoil a mhéadú) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), sprioc 48bis faoi infheistíocht F (Rioscaí tuilte a laghdú a thuilleadh agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), cloch mhíle 140 faoi athchóiriú A (Bearta struchtúracha chun athléimneacht an mhargaidh saothair a neartú) faoi chomhchuid 10 (An margadh saothair – bearta chun tionchar treochtaí struchtúracha diúltacha a laghdú) agus cloch mhíle 198 faoi athchóiriú A (Córas aonair a bhunú le haghaidh cúram fadtéarmach) faoi chomhchuid 15 (Cúram fadtéarmach). Ar an mbonn sin, d’iarr an tSlóivéin go leasófaí na tuairiscí ar na beart sin, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha. Thairis sin, d’iarr an tSlóivéin go méadófaí sprioc 25 agus go gcuirfí sprioc 48bis leis. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(15) Mhínigh an tSlóivéin go ndearnadh roinnt beart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí an bhirt lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le sprioc 3 faoi athchóiriú A (Athchóiriú ar chur chun cinn foinsí in-athnuaite fuinnimh sa tSlóivéin) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh), sprioc 16 faoi infheistíocht E (Táirgeadh leictreachais ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh), spriocanna 39, 40 agus 41 faoi infheistíocht H (Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), spriocanna 43, 44 agus 45 faoi infheistíocht I (Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), sprioc 51 faoi infheistíocht H (Tionscadail bhreise maidir le fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), sprioc 53 faoi chomhchuid I (Tuilleadh tionscadail soláthair agus choigiltis uisce óil) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), cloch mhíle 55 faoi athchóiriú A (Athchóiriú ar eagrú an iompair phoiblí do phaisinéirí) faoi chomhchuid 4 (Iompar inbhuanaithe), sprioc 62 faoi infheistíocht D (Bonneagar bóthair a dhigiteáil) agus sprioc 73 faoi infheistíocht B (Tionscadal straitéiseach comhtháite chun an tSlóivéin a dhícharbónú tríd an aistriú chuig geilleagar ciorclach) faoi chomhchuid 5 (An geilleagar ciorclach – éifeachtúlacht acmhainní), cloch mhíle 74 agus spriocanna 75 agus 76 faoi infheistíocht C (Próiseáil adhmaid a mhéadú chun dlús a chur leis an aistriú chuig sochaí aeráidneodrach) faoi chomhchuid 5 (An geilleagar ciorclach – éifeachtúlacht acmhainní), sprioc 79 faoi athchóiriú A (Claochlú digiteach an gheilleagair (gnó agus tionsclaíocht)) faoi chomhchuid 6 (Claochlú digiteach an gheilleagair), cloch mhíle 92 faoi athchóiriú D (Lárionad Inniúlachta a bhunú - Lárionad Acmhainní Daonna agus scileanna na foirne sa riarachán poiblí a mhéadú) faoi chomhchuid 7 (Claochlú digiteach na hearnála poiblí agus an riaracháin phoiblí),

cloch mhíle 96 faoi chomhchuid G (Timpeallacht dhigiteach an riaracháin phoiblí a nuachóiriú) faoi chomhchuid 7 (Claochlú digiteach na hearnála poiblí agus an riaracháin phoiblí), sprioc 109 faoi infheistíocht M (Digiteáil i réimse an chultúir) faoi chomhchuid 7 (Claochlú digiteach na hearnála poiblí agus an riaracháin phoiblí), clocha míle 112, 113 agus 114 agus spriocanna 117 agus 118 faoi chomhchuid B (Cómhaoiniú tionscadal nuálaíochta taighde chun tacú leis an aistriú glas agus leis an digiteáil) faoi chomhchuid 8 (TFN – Taighde, forbairt agus nuálaíocht), cloch mhíle 120 agus spriocanna 121 agus 122 faoi chomhchuid D (Cómhaoiniú na hinfheistíochta i dtaispeáint TFN agus i dtreoirthionscadail) faoi chomhchuid 8 (TFN – Taighde, forbairt agus nuálaíocht), spriocanna 130, 131 agus 132 faoi infheistíocht C (Tacaíocht do dhícharbónú, do tháirgiúlacht agus d'iomaíochas cuideachtaí) faoi chomhchuid 9 (An táirgiúlacht a mhéadú, timpeallacht atá fabhrach do ghnólachtaí d'infheisteoirí), sprioc 134 faoi chomhchuid D (Éiceachórais nuálacha de bhonneagar eacnamaíoch agus gnó a chur ar fáil) faoi chomhchuid 9 (An táirgiúlacht a mhéadú, timpeallacht atá fabhrach do ghnólachtaí d'infheisteoirí), spriocanna 151 agus 152 faoi infheistíocht B (Forbairt inbhuanaithe tairiscintí cóiríochta turasóireachta na Slóivéine chun breisluach na turasóireachta a ardú) faoi chomhchuid 11 (Forbairt inbhuanaithe ar an turasóireacht sa tSlóivéin, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha), sprioc 153 faoi infheistíocht C (Forbairt inbhuanaithe bonneagair turasóireachta phoiblí agus chomhroinnte agus nithe inspéise dúlra ag cinn scríbe turasóireachta) faoi chomhchuid 11 (Forbairt inbhuanaithe ar an turasóireacht sa tSlóivéin, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha), sprioc 155 faoi infheistíocht D (Athbhunú agus athbheochan inbhuanaithe na hoidhreachta cultúrtha agus an bhonneagair chultúrtha phoiblí) faoi chomhchuid 11 (Forbairt inbhuanaithe ar an turasóireacht sa tSlóivéin, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha),

sprioc 156 d’athchóiriú A (An córas oideachais a athchóiriú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh) agus sprioc 162 d’infheistíocht C (Nuachóiriú ar ghairmoideachas meánscoile agus ar ghairmoiliúint, lena n-áirítear printíseachtaí) faoi chomhchuid 12 (Inniúlachtaí a neartú, go háirithe inniúlachtaí digiteacha agus iad siúd a éilítear i ngairmeacha na todhchaí agus san aistriú glas), infheistíocht D (Inrochtaineacht an chórais sláinte) faoi chomhchuid 14 (Sláinte), sprioc 206 faoi athchóiriú A (An stoc tithíochta poiblí ar cíos a neartú) faoi chomhchuid 16 (An stoc tithíochta poiblí ar cíos a neartú), spriocanna 208 agus 209 faoi infheistíocht B (Tithíocht phoiblí ar cíos a sholáthar) faoi chomhchuid 16 (An stoc tithíochta poiblí ar cíos a neartú) agus sprioc 217 faoi infheistíocht D (Éifeachtúlacht fuinnimh agus dícharbónú an gheilleagair) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d’iarr an tSlóivéin go leasófaí na tuairiscí ar na beart sin, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha. Ar deireadh, d’iarr an tSlóivéin go laghdófaí sprioc 208 agus go gcuirfí síneadh le hamlíne cur chun feidhme sprioc 62. Thairis sin, d’iarr an tSlóivéin go mbainfí spriocanna 79, 117, 121, 131, 206 agus 209. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(16) Mhínigh an tSlóivéin gur leasaíodh beart amháin i gcomhthéacs an tsimplithe chun foclaíocht na tuairisce ar an mbeart agus an tuairisc ar an sprioc a ailíniú. Baineann sé sin le hinfheistíocht H (Bonneagar oideachais a ghlasú a thuilleadh sa tSlóivéin) faoi chomhchuid 12 (Inniúlachtaí a neartú, go háirithe inniúlachtaí digiteacha agus iad siúd a éilítear i ngairmeacha na todhchaí agus san aistriú glas). Ar an mbonn sin, d’iarr an tSlóivéin go leasófaí an tuairisc ar an mbeart sint. Thairis sin, d’iarr an tSlóivéin go laghdófaí sprioc 170. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(17) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an tSlóivéin go bhfuil údar maith leis an leasú de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Ceartúchán ar earráidí cléireachais*

(18) Sainaithníodh 13 earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021, lena ndéantar difear do roinnt chloch mhíle agus sprioc agus do shé bheart faoi cheithre chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin nach léiríonn ábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 20 Aibreán 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an tSlóivéin, a cheartú. Baineann na hearráidí cléireachais sin le spriocanna 39, 40 agus 41 d'infheistíocht H (Tionscadail sceite agus cóireála fuíolluisce uirbigh) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), spriocanna 43, 44 agus 45 d'infheistíocht I (Tionscadail soláthair agus coigiltis uisce óil) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), sprioc 51 d'infheistíocht H (Tionscadail bhreise maidir le fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), sprioc 53 d'infheistíocht I (Tuilleadh tionscadail soláthair agus choigiltis uisce óil) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), cloch mhíle 68 d'infheistíocht C (Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh) faoi chomhchuid 4 (Iompar inbhuanaithe), agus cloch mhíle 173 d'athchóiriú B (Earnáil phoiblí nua-aimseartha athléimneach) faoi chomhchuid 13 (Institiúidí poiblí éifeachtacha). Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc freisin, athchóiriú A (An córas oideachais a athchóiriú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh) agus infheistíocht E (Claochlú cuimsitheach ar an oideachas glas agus digiteach) faoi chomhchuid 12 (Inniúlachtaí a neartú, go háirithe inniúlachtaí digiteacha agus iad siúd a éilítear i ngairmeacha na todhchaí agus san aistriú glas), agus athchóiriú B (Earnáil phoiblí nua-aimseartha athléimneach) faoi chomhchuid 13 (Institiúidí poiblí éifeachtacha). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(19) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Gan dochar suntasach a dhéanamh***

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (d) de Rialachán (AE) 2021/241, agus le critéar 2.4 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go n- áiritheofar leis an bplean leasaithe nach ndéanfaidh aon bheart (rátáil A) maidir le cur chun feidhme na n- athchóirithe agus na dtionscadal infheistíochta a áirítear sa phlean sin, nach ndéanfaidh aon bheart dá leithéid dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] (an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh').

---

[5] Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

(21) An iarraidh ón tSlóivéin úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí bhearta a bhaint agus an laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme chun leibhéal cur chun feidhme sé bheart bhunaidh a mhéadú, níl tionchar ag an iarraidh sin ar an measúnú ar an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'. Baineann sé sin le hinfheistíocht F (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (stáisiúin chlaochladáin agus líonra ísealvoltais)) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh), infheistíocht F (Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), infheistíocht C (Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú) faoi chomhchuid 4 (Iompar inbhuanaithe), infheistíocht H (Bonneagar oideachais a ghlasú sa tSlóivéin) faoi chomhchuid 12 (Inniúlachtaí a neartú, go háirithe inniúlachtaí digiteacha agus iad siúd a éilítear i ngairmeacha na todhchaí agus san aistriú glas), infheistíocht C (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú (an líonra meánvoltais agus an líonra ísealvoltais)) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU) agus infheistíocht E (Cur in úsáid bonneagair breoslaí malartacha a chur chun cinn san iompar (uas-scálaithe)) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU).

*Rannchuidiú leis an aistriú glas lena n- áirítear an bhithéagsúlacht*

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 43,99 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 79,29 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(23) D'ainneoin an laghdaithe 4,89 %, níl tionchar ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú glas. Leis an gcaibidil REPowerEU, leantar de thacaíocht bhreise a chur ar fáil d'aistriú glas na Slóivéine, ós rud é go bhfuil ról lárnach ag an athchóiriú agus na hinfheistíochtaí uile i ndlús a chur le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus, ar an gcaoi sin, sa spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus truailliú aeir a laghdú, chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh agus coigilteas fuinnimh a mhéadú.

*Rannchuidiú leis an aistriú digiteach*

(24) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a rannchuidíonn go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 22,82 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(25) Níl tionchar ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta maidir leis an aistriú digiteach. Méadaíodh infheistíochtaí in eangacha cliste fuinnimh mar chuid d'Infheistíocht C (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú) faoi chomhchuid 17 (REPowerEU). Leanann an plean leasaithe de bheith ag rannchuidiú go mór le haistriú digiteach an riaracháin phoiblí agus na ngnólachtaí, lena n-áirítear tríd an mbonneagar is gá a fhorbairt (nascacht agus néalríomhaireacht a mhéadú agus cibearshlándáil a fheabhsú), réitigh agus seirbhísí digiteacha atá sárfhorbartha agus soláimhsithe don úsáideoir a chur in úsáid, chomh maith le próisis ghnó a athrú ó bhonn agus an bhearna dhigiteach a dhúnadh i gcás cuideachtaí níos traidisiúnta.

*Costáil*

(26) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(27) Bhí an réasúnú a tugadh sa phlean bunaidh maidir le méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, bhí sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus bhí sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta, agus fuair sé rátáil 'B'. Níl aon athrú ar an gconclúid sin toisc go laghdaíonn an modhnú na hinfheistíochtaí go comhréireach, den chuid is mó, i bhfianaise an laghdaithe ar an ranníocaíocht iasachta agus, i gcás inarb ábhartha, boilsciú ard gan choinne á chur san áireamh.

(28) Léirítear sa mheasúnú ar na meastacháin chostais do na bearta athbhreithnithe go bhfuil formhór na gcostas réasúnta agus inchreidte cé go léiríonn an fhianaise go bhfuil na ríomhanna éagsúil ó thaobh leibhéal mionsonra agus doimhneachta de. I gcásanna áirithe, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, arís mar gheall ar úrnuacht na mbeart, nó ní raibh na sonraí chomh soiléir sin, agus mar sin ní féidir rátáil A a thabhairt faoin gcritéar measúnaithe seo. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéar measúnaithe eile***

(29) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an tSlóivéin chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(30) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], mheas an tSlóivéin gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an tSlóivéin, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean leasaithe toisc nach gcumhdaítear leis na tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu na réimsí a ndearnadh a uas-scálú leis an athbhreithniú seo.

***Measúnú dearfach***

(31) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean leasaithe, agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean.

---

**6** Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241(OJ L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj)

*Ranníocaíocht airgeadais*

(32) Is é EUR 2 226 195 778 costas iomlána mheasta phlean leasaithe na Slóivéine. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don tSlóivéin, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Slóivéin, ba cheart gurb é EUR 1 612 948 340 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don tSlóivéin.

---

7 Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Iasachtaí*

(33) Chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise, cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 1 072 370 000 ar fáil don tSlóivéin trí bhíthin an Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Tar éis an laghdaithe ar leibhéal chur chun feidhme sprioc 18 d’infheistíocht F (An gréasán dáileacháin leictreachais a neartú) faoi chomhchuid 1 (Fuinneamh in-athnuaite agus éifeachtúlacht fuinnimh), cloch mhíle 47bis, sprioc 47 agus sprioc 48 d’infheistíocht F (Rioscaí tuilte a laghdú agus an riosca i leith tubaistí eile a bhaineann leis an aeráid a laghdú) agus Infheistíocht H (Tionscadail bhreise maidir le fuíolluisce uirbeach a sceitheadh, a chóireáil agus a athúsáid) faoi chomhchuid 3 (Comhshaol glan sábháilte), clocha míle 67bis agus 67 agus spriocanna 68 agus 68bis faoi infheistíocht C (Toilleadh bonneagair iarnróid a mhéadú a thuilleadh) faoi chomhchuid 4 (Iompar inbhuanaithe), sprioc 170 faoi infheistíocht H (Bonneagar oideachais a ghlasú a thuilleadh sa tSlóivéin) faoi chomhchuid 12 (Inniúlachtaí a neartú, go háirithe inniúlachtaí digiteacha agus iad siúd a éilítear i ngairmeacha na todhchaí agus san aistriú glas), níor iarr an tSlóivéin na hacmhainní iasachta a saoradh a úsáid chun tacú le bearta nua ná chun leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh den phlean a mhéadú. Tá méid chostais iomlána mheasta an phlean níos ísle ná an ranníocaíocht iomlán airgeadais atá ar fáil don tSlóivéin agus an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don tSlóivéin trí bhíthin an Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021. Dá bhrí sin, ba cheart an tacaíocht iasachta iomlán a chuirtear ar fáil don tSlóivéin a laghdú go EUR 613 247 438.

(34) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Slóivéine ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.;

(2) in Airteagal 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cuirfidh an tAontas ar fáil don tSlóivéin iasacht EUR 613 247 438 ar a mhéad.';

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Slóivéine a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*